Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council

FEACHTAS EARCAÍOCHTA AGUS ROGHNÚCHÁIN CHUN

OIFIGEACH CLÉIREACHAIS A BHUNÚ

Tá Comhairle Chontae na Gaillimhe chun tabhairt faoi fheachtas earcaíochta agus roghnúcháin chun painéal d'Oifigigh Cléireachais a chur le chéile as a d'fheadfaí poist lánaimseartha nó ar conradh a líonadh ag braith ar na ceaduithe cuí.

Ní mór d'iarrthóirí don bpost mar Oifigeach Cléireachais a bheith coinsiasach agus acmhainneach le sárchumas cumarsáide agus chun seirbhís a chur ar fáil do chustaiméirí. Tá ardscileanna eagrúcháin agus bainisiú tascanna riachtanach don phost seo freisin agus an cumas dul i mbun oibre go héifeachtach faoi bhrú (as do stuaim féin agus mar bhall don fhoireann), a bheith pointeáilte agus cruinn.

Ní mór na nithe seo a leanas a bheith ag gach iarrthóir amhail an dáta deiridh a nglacfar le foirmeacha iarratais comhlánaithe:

(a) Grád D (nó Pas) ar a laghad a bheith bainte amach i gcúig ábhar, ardleibhéal nó gnáthleibhéal, den liosta ábhar atá ceadaithe ag An Roinn Oideachais, iScrúdú Ardteistiméireachta bunaithe nó Ghairmchlár na hArdteistiméireachta. (D'fhéadfaí a mheas gurb ionann Grád B ar a laghad i mBonnleibhéil Matamaitic agus Grád C i mBonnleibhéal Gaeilge a bheith comhionann le Grád D (nó Pas), san Ardleibhéal nó sa Ghnáthleibhéal, ón liosta ceadaithe ábhar i Scrúdú Ardteistiméireachta Bunaithe na Roinne Oideachais nó Ghairmchlár na hArdteistiméireachta.

nó

(b) scrúdú de chaighdeán comhionann a bheith bainte amach;

nó

(c) taithí seirbhíse dhá bhliain ar a laghad i bpost Oifigeach Cléireachais, Cléireach/Clóscríobhaí (Dualgais Cléireachais), Cléireach Clóscríbhneoireachta (Dualgais Clóscríbhnóireachta agus Cléireachais) nó Cléireach/Clóscríobhaí faoi údarás áitiúil, nó bord sláinte sa Stát;

nó

(d) taithí ábhartha shásúil ina féidir a léiriú go mbaineann scileanna den chineál céanna.

Is féidir na sonraí ar fad a bhaineann leis an bhfeachtas earcaíochta agus roghnúcháin seo chomh maith le mír 'Ceosteanna Coitianta' a fháil sa Leabhrán Eolais d'Iarrthóirí atá ar fáil ag www.galwaycoco.ie

SCÁLA PÁ OIFIGIGH CLÉIREACHAIS:

Tosóidh pá iontrálaithe nua ag bun an scála. D'fhéadfadh go ndéanfaí an ráta luach saothair a choigeartú ó am go ham de réir bheartas pá an Rialtais.

Point	01/10/2023
1	€27,896
2	€29,611
3	€30,035
4	€30,891
5	€32,143
6	€33,397
7	€34,651
8	€35,561
9	€36,594
10	€37,789
11	€38,638
12	€39,825
13	€41,019
14	€43,265
LSI 1	€44,860

Tá foirmeacha iarratais agus tuilleadh eolais le fáil maidir leis an bpost seo ar ár láithreán gréasáin ag www.galway.ie nó is féidir iad a fháil ach teagmháil a dhéanamh leis an Rannóg Acmhainní Daonna, Comhairle Chontae na Gaillimhe, Áras an Chontae, Cnoc na Radharc, Gaillimh – Teil; 091 -509303, ríomhphost hr@galwaycoco.ie **4 p.m. Déardaoin 8 Feabhra 2024** an dáta deiridh a nglacfar le foirmeacha iarratais comhlánaithe.

E. Ruane, Stiúrthóir Seirbhísí

IS FOSTÓIR COMHIONANNAIS DEISE Í COMHAIRLE CHONTAE NA GAILLIMHE.